# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/705 ÓN gCOIMISIÚN

## an 28 Aibreán 2021

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 a mhéid a bhaineann le líon na samplaí incriminteacha is gá agus leis na critéir feidhmíochta maidir le modhanna anailíse áirithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar chun cur i bhfeidhm dhlí an bhia agus na beatha a áirithiú, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse atá le húsáid chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia.

(2) Na modhanna samplála dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 333/2007, is é foráil a dhéantar leo nach mór sampla comhiomlán 1 kg ar a laghad a thógáil. Maidir le forbhianna, spíosraí nó luibheanna triomaithe, fungais thriomaithe, algaí nó léicean a bhfuil costas ard in aghaidh an aonaid meáchain orthu, bíonn costais arda dhíréireacha ar na samplaí de thoradh air sin. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le modhanna samplála sonracha i gcás na dtráchtearraí sin.

(3) Ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ann, rinne Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh i réimse na n-éilleán i mbeatha agus i mbia Treoirdhoiciméad a ullmhú maidir leis an meastachán ar an Teorainn Bhraite (LOD) agus an Teorainn Chainníochtaithe (LOQ) le haghaidh tomhas i réimse na n-éilleán i mbeatha agus i mbia ([3]). Ós rud é go bhfuil an t-eolas teicneolaíochta nuashonraithe is fearr sa doiciméad seo, ba cheart na conclúidí atá ann a léiriú sna ceanglais maidir le LOQanna na modhanna anailíseacha ar riandúile a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 333/2007.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29).

([3]) Wenzl, T., Haedrich, J., Schaechtele, A., Robouch, P., Stroka, J., *Treoirdhoiciméad maidir le Meastachán ar LOD agus LOQ le haghaidh Tomhas i Réimse na nÉilleán i mBeatha agus i mBia*; EUR 28099, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2016, ISBN 978-92-79-61768-3; doi:10.2787/8931.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe B.2.2:

"B.2.2. **Líon na samplaí incriminteacha**

Maidir le bia, seachas forbhianna, spíosraí nó luibheanna triomaithe, fungais thriomaithe, algaí nó léicean, ní mór sampla comhiomlán 1 chileagraim nó 1 lítir ar a laghad a bheith ann, ach amháin i gcás nach bhfuil sin indéanta, e.g. nuair is aon phacáiste amháin nó aon aonad amháin atá sa sampla.

Maidir le forbhianna, spíosraí nó luibheanna triomaithe, fungais thriomaithe, algaí nó léicean, ní mór 100 gram nó 100 millilítear ar a laghad a bheith sa sampla comhiomlán.

Maidir le bia, seachas forbhianna, ní mór íoslíon na samplaí incriminteacha atá le tógáil ón luchtóg nó ón bhfo-luchtóg a bheith i gcomhréir le Tábla 3.

I gcás bulc-tháirgí leachtacha, ní mór an luchtóg nó an fho-luchtóg a mheascadh go maith a oiread agus is féidir, de láimh nó trí mheán meicniúil agus a mhéid nach mbeidh tionchar aige ar cháilíocht an táirge, agus é a dhéanamh go díreach roimh an tsampláil. Sa chás seo, glacfar leis go bhfuil dáileadh aonchineálach éilleán i luchtóg nó i bhfo-luchtóg áirithe. Dá bhrí sin, trí cinn de shamplaí incriminteacha ó luchtóg nó ó fho-luchtóg a bheidh sa sampla comhiomlán.

I gcás inar pacáistí nó aonaid aonair le haghaidh bia, seachas forbhianna, atá sa luchtóg nó san fho-luchtóg, ní mór líon na bpacáistí nó na n-aonad (samplaí incriminteacha) atá le tógáil chun sampla comhiomlán a dhéanamh, a bheith i gcomhréir le Tábla 4a.

Beidh na samplaí incriminteacha thart ar an meáchan/an toirt chéanna. I gcás bia, seachas forbhianna, spíosraí nó luibheanna triomaithe, fungais thriomaithe, algaí nó léicean, ní mór meáchan/toirt 100 gram nó 100 millilítear ar a laghad a bheith sa sampla incriminteach, agus dá bharr sin is 1 chileagram nó 1 lítear ar a laghad a bheidh sa sampla comhiomlán.

I gcás spíosraí nó luibheanna triomaithe, fungais thriomaithe, algaí nó léicean, ní mór meáchan/toirt 35 gram nó 35 millilítear ar a laghad a bheith sa sampla incriminteach, agus dá bharr sin beidh 100 gram nó 100 millilítear ar a laghad sa sampla comhiomlán.

Baineann leibhéil uasta an stáin neamhorgánaigh le hábhair gach canna, ach ar chúiseanna praiticiúla féadfar cur chuige samplála comhiomláine a úsáid. Má bhíonn toradh na tástála ar shampla comhiomlán cannaí faoi uasleibhéal an stáin neamhorgánaigh nó má bhíonn sé gar don uasleibhéal, agus má mheastar go bhféadfadh an leibhéal i gcannaí faoi leith dul thar an uasleibhéal, déanfar tuilleadh imscrúduithe.

Maidir le forbhianna, ní mór íoslíon agus íosmhéid na samplaí incriminteacha a bheith i gcomhréir le Tábla 4b.

I gcás nach féidir an modh samplála a leagtar amach i bpointe B.2 anseo a dhéanamh de bharr na n-iarmhairtí tráchtála do-ghlactha (e.g. mar gheall ar an gcineál pacáistithe atá ann, damáiste don luchtóg) nó mura féidir an modh samplála dá bhforáiltear i bpointe B.2 a chur i bhfeidhm, féadfar modh samplála eile a chur i bhfeidhm ar an gcoinníoll go mbeidh sé ionadaíoch a dhóthain ar an luchtóg samplála nó ar an bhfo-luchtóg samplála agus go mbeidh doiciméadú iomlán déanta air. Is sa taifead dá bhforáiltear i bpointe B.1.8 a dhéanfar é seo a thaifeadadh.

*Tábla 1*

**Na luchtóga a fhoroinnt ina bhfo-luchtóga i gcás táirgí a thrádáiltear ina mbulc-choinsíneachtaí**

| **Meáchan na luchtóige (ina thonaí)** | **Meáchan nó líon na bhfo-luchtóg** |
|---|---|
| ≥ 1 500 | 500 tona |
| > 300 agus < 1 500 | 3 fho-luchtóg |
| ≥ 100 agus ≤ 300 | 100 tona |
| < 100 | — |

*Tábla 2*

**Na luchtóga a fhoroinnt ina bhfo-luchtóga i gcás táirgí nach dtrádáiltear ina mbulc-choinsíneachtaí**

| Meáchan na luchtóige (ina thonaí) | Meáchan nó líon na bhfo-luchtóg |
|---|---|
| ≥ 15 | 15-30 tona |
| < 15 | — |

*Tábla 3*

**Íoslíon na samplaí incriminteacha atá le tógáil ón luchtóg nó ón bhfo-luchtóg bhia, seachas forbhianna**

| Meáchan nó toirt na luchtóige/fo-luchtóige (ina chileagraim nó ina lítir) | Íoslíon na samplaí incriminteacha atá le tógáil |
|---|---|
| < 50 | 3 |
| ≥ 50 agus ≤ 500 | 5 |
| > 500 | 10 |

*Tábla 4a*

**Líon na bpacáistí nó na n-aonad (samplaí incriminteacha) atá le tógáil chun sampla comhiomlán a dhéanamh i gcás gur pacáistí bia aonair nó aonaid bia aonair atá sa luchtóg nó san fho-luchtóg, seachas forbhianna**

| Líon na bpacáistí nó na n-aonad sa luchtóg/san fho-luchtóg | Líon na bpacáistí nó na n-aonad atá le tógáil |
|---|---|
| ≤ 25 | pacáiste nó aonad amháin ar a laghad |
| 26-100 | tuairim agus 5 %, dhá phacáiste nó dhá aonad ar a laghad |
| > 100 | tuairim agus 5 %, 10 bpacáiste nó 10 n-aonad ar a mhéad |

*Tábla 4b*

**Íoslíon agus íosmhéid na samplaí incriminteacha forbhianna**

| Méid na luchtóige (an líon pacáistí) | An líon pacáistí (samplaí incriminteacha) atá le tógáil | Méid an tsampla incrimintigh |
|---|---|---|
| 1-50 | 1 | Ábhar iomlán an phacáiste |
| 51-250 | 2 | Ábhar iomlán an phacáiste |
| 251-1 000 | 4 | Leath an ábhair atá sa phacáiste i gcás gach pacáiste miondíola as a dtógtar sampla |

| | | |
|---|---|---|
| > 1 000 | 4 + 1 phacáiste as gach 1 000 pacáiste miondíola, uasmhéid 25 phacáiste miondíola | ≤ 10 bpacáiste: leath an ábhair atá sa phacáiste i gcás gach pacáiste miondíola<br>> 10 bpacáiste: is é an méid céanna a bheidh sna samplaí a thógfar as gach pacáiste chun sampla a dhéanamh ar comhionann é agus an t-ábhar atá i gcúig phacáiste |
| Ní fios (infheidhme ach amháin maidir le ríomhthráchtáil) | 1 | Ábhar iomlán an phacáiste” |

(2) i bpointe C.3.3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Critéir feidhmíochta i dtaca le modhanna anailíse maidir le luaidhe, caidmiam, mearcair, stán neamhorgánach agus arsanaic neamhorgánach

*Tábla 5*

| **Paraiméadar** | **Critéar** | | | |
|---|---|---|---|---|
| Infheidhmeacht | Bianna arna sonrú i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 | | | |
| Sainiúlacht | Saor ó thrasnaíochtaí maitríse nó trasnaíochtaí speictreacha | | | |
| In-atriallacht ($RSD_r$) | $HORRAT_r$ níos lú ná 2 | | | |
| In-atáirgtheacht ($RSD_R$) | $HORRAT_R$ níos lú ná 2 | | | |
| Téarnamh | Tá feidhm ag forálacha phointe D.1.2 | | | |
| LOD | = trí dheichiú de LOQ | | | |
| LOQ | Stán neamhorgánach | ≤ 10 mg/kg | | |
| | Luaidhe | ML ≤ 0,02 mg/kg | 0,02 < ML < 0,1 mg/kg | ML ≥ 0,1 mg/kg |
| | | ≤ ML | ≤ dhá thrian de ML | ≤ an cúigiú cuid de ML |
| | Caidmiam, mearcair, arsanaic neamhorgánach | ML ≤ 0,02 mg/kg | 0,02 < ML < 0,1 mg/kg | Tá ML ≥ 0,1 mg/kg |
| | | ≤ dhá chúigiú de ML | ≤ dhá chúigiú de ML | ≤ an cúigiú cuid de ML” |